2024.M106T

2024L568A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Ardleibhéal

Dé Máirt 25 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir** | | | | | |

**Dáta Breithe** | | / | | / | |

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 15 cheist | 50 marc |
| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair **dhá** cheist | 200 marc |

Freagair Gach Roinn

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Ní ceadmhach do chuid freagraí a scríobh ach amháin le peann gorm nó dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 50 marc |
|---|---|---|


Freagair **deich gcinn** ar bith de na míreanna seo a leanas: **(a), (b), (c)…**

**Ceist 1**

**(a)** Scríobh breac-chuntas ar phríomhdhifríocht amháin idir cearta dearfacha agus diúltacha.

**(b)** Mínigh an ról atá ag an gCeann Comhairle i nDáil Éireann.

**(c)** Mhol an smaointeoir tábhachtach Andre Gunder-Frank *Teoiric an Spleáchais* mar iarracht le míniú a thabhairt ar an gcúis a bhfanann roinnt tíortha tearcfhorbartha.
Mínigh go hachomair an teoiric seo.




https://parish-without-borders.org/cditt/jp/poornations.htm

**(d)** Scríobh anailís chriticiúil ar an bhfás atá ar an iriseoireacht saoránach i saol an lae inniu.

**(e)** An spreagtar daoine óga chun cearta daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn nuair a fhoghlaimíonn siad faoi chearta daonna in ábhair amhail an Pholaitíocht agus an tSochaí? Mínigh do fhreagra.

**(f)** Déan trácht ar an teachtaireacht san íomhá seo i gcomhthéacs cearta leanaí i saol an lae inniu.





https://twitter.com/unicef/status/897805274995621888

**(g)** Déan cur síos ar an fheidhm atá le forógra sa pholaitíocht pháirtí.

**(h)** Déan trácht ar chur i láthair na teachtaireachta san íomhá seo i gcomhthéacs na géarchéime aeráide.

**12 NOLLAIG 2023**




Grafaic le Scott Duncan WX - www.facebook.com/photo/?fbid=1130956401620021&set=pb.100041170155733.-2207520000

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** ghné a bhaineann le stát daonlathach.


**(j)** Tabhair **dhá** shampla den tslí a dtreisíonn córas oideachais na hÉireann féiniúlacht Éireannach.

**(k)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhféadfadh duine a bheith ina S(h)eanadóir i Seanad Éireann.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(l)** Cad iad na conclúidí i dtaca leis na meáin is féidir leat a bhaint as na staitisticí thíos?

## Institiúid Reuters: Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach 2023




| |
|---|
| |
| |
| |
| |

https://reutersinstitute.politics.ox.ac.uk/sites/default/files/2023-06/Digital_News_Report_2023.pdf

**(m)** Scríobh breac-chuntas achomair ar an gcaidreamh atá idir impiriúlachas an Iarthair agus teoiric an *Oirthearachais* a cheap Edward Said.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(n)** D'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) torthaí i mí Feabhra 2023 ón *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála* (SILC), 2022. Fuarthas amach ann go bhfuil ceithre oiread d'ioncam ag an 20% is saibhre in Éirinn ná mar atá d'ioncam ag an 20% is boichte.
Cad a thugann an staitistic seo le tuiscint faoin tsochaí in Éirinn sa lá atá inniu ann?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(o)** Déan cur síos achomair ar a bhfuil i gceist le dearcadh polaitiúil ar an eite chlé nó ar an eite dheis a bheith ag duine.




| |
|---|
| |
| |
| |
| |

https://heterodoxacademy.org/blog/right-wing-and-left-wing-authoritarians-agree-more-than-they-disagree-about-what-governments-should-do-to-alleviate-the-pandemic/

| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
|---|---|---|

**Doiciméad A:** *Breithniú ar Ionadaíocht na mBan sa Pholaitíocht ar fud na hEorpa – Staidéar le Brúghrúpa Mhná na hEorpa, Márta 2023.*

Rinne Brúghrúpa Mhná na hEorpa (EWL) an taighde seo le tacaíocht ó Wilson Sonsini Goodrich & Rosati (WSGR). An cuspóir ná iniúchadh a dhéanamh ar staid reatha ionadaíocht na mban sa pholaitíocht ar fud na hEorpa. Bailíodh an t-eolas sa doiciméad seo ó thaighde deisce. Bailíodh eolas freisin ó bhaill de chuid EWL i 20 tír san Eoraip i suirbhé digiteach in 2022.



I mí Feabhra 2023, bhí Éire rangaithe sa 101ú háit ar domhan ó thaobh ionadaíocht na mban i bparlaimintí náisiúnta de, taobh thiar de thíortha amhail an tSín agus an Iaráic. Nuair a comóradh céad bliain den Dáil in 2019, 114 bean a bhí tar éis a bheith tofa chun na Dála ó 1918 i gcomparáid le 1,190 fear. Tar éis an toghcháin náisiúnta is déanaí (2020), 130 bean a bhí i gceist in aghaidh 1,211 fear (10% in aghaidh 90%).

Sa dá olltoghchán déag in Éirinn roimh Acht 2012 (1973-2011), tráth a tugadh isteach cuótaí, ní raibh ionadaíocht na mban sa Dáil riamh níos mó na 15%.

Níl aon chuótaí ann do thoghcháin áitiúla in Éirinn. Tá ionadaíocht na mban ag leibhéal na n-údarás áitiúil tar éis ardú ar fud na tíre ó 12% in 1991 ach fós níl sí ach ag 24% in 2019. Níor toghadh ach ochtar ban mar mhéara i mí an Mheithimh 2022 (25.8%).

Luadh i dtuarascáil le déanaí go dtugann sonraí ó na sé thoghchán áitiúla dheireanacha le fios nach bhfuil aon chlaontacht in aghaidh na mban sna toghcháin, ach nach mbíonn go leor ban ar na páipéir bhallóide. Tugtar le fios freisin gur mó seans go mbuafaidh mná suíochán náisiúnta seachas fir má bhí siad sa rialtas áitiúil. Chun comhionannas inscne a bhrú chun cinn sa pholaitíocht náisiúnta, ní mór, mar sin, tús áite a thabhairt don chomhionannas inscne ag leibhéal áitiúil.

Chun an comhionannas inscne a chur chun cinn sa pholaitíocht, mhol baill ó Thionól na Saoránach i mí an Mheithimh 2021 go dtabharfadh an rialtas isteach bearta amhail saoire mháithreachais le haghaidh gach ionadaí tofa; cuótaí páirtí a leathnú go dtí na toghcháin áitiúla, na toghcháin don Seanad agus na toghcháin Eorpacha, agus smachtbhannaí a mhéadú do pháirtithe nach gcomhlíonann na cuótaí. Níor chuir an rialtas reatha na moltaí seo i bhfeidhm go fóill.

In Éirinn, tá seans níos mó ann i gcás mná atá ag seasamh i dtoghcháin go mbeidh foréigean pearsanta, frithbhanda á fhulaingt acu. Dírítear suas le hocht n-oiread níos mó foréigin ar líne ar mhná is a dhírítear ar a macasamhlacha fireanna. Fuarthas amach i staidéar cáilíochtúil a rinne aonad na hIriseoireachta agus na Cumarsáide in OÉ Gaillimh in 2020 go bhfuil teachtaireachtaí meán sóisialta nó teachtaireachtaí ríomhphoist ina raibh teanga bhagartha nó fuafar faighte ag 96% de pholaiteoirí ban (polaiteoirí reatha agus iarpholaiteoirí) ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Deir trí cheathrú díobh gur bagraíodh foréigean fisiciúil orthu ar líne nó ar na meáin shóisialta.

https://womenlobby.org/IMG/pdf/final_wip_study-3.pdf - Arna chur in oiriúint


**Doiciméad B:** *Leathanach gréasáin ó Women for Election.*
Eagraíonn an grúpa seo cláir oiliúna, imeachtaí agus tacaíochtaí meantóireachta, a chabhraigh leis na céadta ban a thoghadh chun an rialtais áitiúil agus náisiúnta.
Is comhoibriú é an suíomh seo idir Women for Election Ireland agus an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) in Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad (MUSSI) agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH). Bhronn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) maoiniú ar an tionscadal.

San eolas thíos ónár Mol Sonraí léirítear ionadaithe ban ar fud na bpáirtithe polaitiúla* (2020). In 2012, glac an tOireachtas le dlí a chuireann iallach ar pháirtithe polaitiúla ar a laghad 30% ionadaithe ban agus 30% ionadaithe fear a roghnú le seasamh in olltoghcháin. Ó 2023, tá an cuóta inscne seo méadaithe go 40%. Mura gcloítear leis an gcuóta, caillfidh páirtithe polaitiúla 50% den mhaoiniú Stáit a fhaigheann siad go bliantúil chun a gcuid oibríochtaí a reáchtáil.

Is stór cuimsitheach de shonraí staitistiúla atá sa Mhol Sonraí. Tá sé leagtha amach chun léargais faoi leith a chur ar fáil duit ar staid an chomhionannais inscne in Éirinn. Agus an acmhainn chumhachtach seo ar bharra do mhéar agat, is féidir leat cinntí eolasacha a dhéanamh, athruithe fiúntacha a chur chun cinn agus cur leis an gcomhionannas do chách sa todhchaí. Bain leas as na sonraí, roinn na léargais, agus spreag comhráite faoin gcomhionannas inscne. Ná déan dearmad, is ionann eolas agus cumhacht, ach ní go dtí go roinntear é agus go ngníomhaítear dá réir.

*Ní léirítear ach eolas ar na seacht bpáirtí pholaitiúla atá i dteideal maoiniú ón Státchiste faoin Acht Toghcháin, 1997.

## Ionadaithe ban ar fud páirtithe polaitiúla (2020)




## Cuótaí Inscne sa Pholaitíocht in Éirinn

Ó bhí 1992 ann, tá ardú ar líon na mban a roghnaíodh mar iarrthóirí (ó 18.5% in 1992 go dtí 30.7% in 2020) agus ar líon na mban a toghadh mar Theachtaí Dála (ó 12% in 1992 go dtí 22.5% in 2020).

Faoi chóras na gcuótaí, tugtar dúshlán na bpáirtithe polaitiúla cultúr agus próiseas roghnaithe a fhorbairt a spreagfaidh mná teacht chun tosaigh do thoghcháin. Tá sé mar dhualgas ar na páirtithe polaitiúla freisin mná a roghnú do shuíocháin is féidir a bhuachan má tá fíorchuspóir an chuóta le baint amach – is é sin, cothromaíocht inscne níos fearr sa pholaitíocht in Éirinn. Níl aon chuótaí i bhfeidhm faoi láthair do Thoghcháin Áitiúla (áit a dtosaíonn go leor polaiteoirí ar a n-aistear polaitíochta), ná don Seanad. Spreagann ceist na gcuótaí sa pholaitíocht neart plé – ní maith le daoine áirithe cuótaí, ach is maith linne an méid a bhaintear amach leo, is é sin, preab ghearr, ghéar a bhaint as an gcóras polaitíochta a spreagann athruithe tapa.

www.womenforelection.ie/gender-quotas-in-politics-in-ireland/ - Arna chur in oiriúint

**Ceisteanna bunaithe ar Shonraí**

**(a)** Cad iad na láidreachtaí agus na teorainneacha a bhaineann leis an modheolaíocht a úsáideadh chun sonraí a bhailiú i nDoiciméad A?

**(b)** Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad B.

**(c)** Déan trácht ar ionadaíocht reatha na mban sa pholaitíocht mar a leagtar amach í sa dá dhoiciméad.

**(d)** De réir an dá dhoiciméad, cén tábhacht a bhainfeadh leis na cuótaí a leathnú go dtí na toghcháin áitiúla?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Déan measúnú ar thábhacht na sonraí sa dá dhoiciméad i dtaca le cinnteoirí agus lucht déanta polasaithe.


| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(f)** Agus úsáid á baint agat as an dá dhoiciméad, déan plé ar na bacainní agus ar na dúshláin atá roimh mhná ar mhaith leo dul leis an bpolaitíocht mar ghairm agus ionadaíocht a dhéanamh ar son a bpobal ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(g)** Agus úsáid á baint agat as an eolas sa dá dhoiciméad agus as an ráiteas thíos ó Dhoiciméad B, déan anailís chriticiúil ar úsáid cuótaí chun dul i ngleic leis an éagrothroime inscne i gcóras polaitíochta na hÉireann.

> Spreagann ceist na gcuótaí sa pholaitíocht neart plé – ní maith le daoine áirithe cuótaí, ach is maith linne an méid a bhaintear amach leo, is é sin, preab ghearr, ghéar a bhaint as an gcóras polaitíochta a spreagann athruithe tapa.




www.linkedin.com/pulse/discussion-instigator-how-gender-quotas-divide-opinions-iulia-feroli

| **Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Freagra**

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 200 marc |
| --- | --- | --- |

**Freagair dhá cheist as 3, 4, 5, 6 agus 7.**

**Ceist 3(a)** **(100 marc)**

**Pléigh tionchar an domhandaithe ar an náisiúnachas agus/nó ar an bhféiniúlacht chultúrtha, agus tagairt agat do theoiricí an smaointeora thábhachtaigh Thomas Hylland Eriksen.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs náisiúnta agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint.]

**NÓ**

**Ceist 3(b)** **(100 marc)**




Is léiriú ar an dán '*Home*' le Warsan Shire í an íomhá seo.

Mínítear sa dán nach bhfágfadh roinnt dídeanaithe á mbaile féin mura raibh iallach orthu sin a dhéanamh.

www.facebook.com/58665958526/photos/you-have-to-understandthat-no-one-puts-their-children-in-a-boatunless-the-water

**Déan plé ar ghéarchéim na ndídeanaithe sa domhan sa lá atá inniu ann i gcomhthéacs cearta daonna.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs náisiúnta agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe bheirt teoiricithe, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 4** **(100 marc)**

**Ar cheart go mbeadh cead ag rialtais smacht a ghabháil ar na meáin shóisialta le linn tréimhsí corraíola sóisialta nó polaitiúla?**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint.  Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe bheirt teoiricithe, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 5** **(100 marc)**


Breis is 50 bliain ó shin, dúirt iarArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe Dag Hammarskjöld, 'Níor bunaíodh na Náisiúin Aontaithe sa chaoi go rachaimis chun na bhflaitheas, ach sa chaoi nach rachaimis go hifreann.'

**An bhfuil na Náisiúin Aontaithe fós oiriúnach don fheidhm sa lá atá inniu ann?**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí ar a laghad teoiricí amháin atá ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 6** **(100 marc)**

Níl 42% de phobal na hÉireann sásta leis an an tslí a n-oibríonn an daonlathas in Éirinn.



https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2966

**Déan measúnú ar an toradh seo ó shuirbhé de chuid Eurobarometer, a rinneadh thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh agus a foilsíodh i mí na Nollag 2023**.

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe bheirt teoiricithe, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 7** **(100 marc)**



Ní fiú comhaontú mura gcuirtear i bhfeidhm é. Níl sa chomhréiteach stairiúil seo ach tús an aistir.

H.E. Dr. Sultan Ahmed Al Jaber, Uachtarán, COP28 UAE.

www.cop28.com/en/

Bhí an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise, cruthú ciste caillteanais agus damáiste, agus teorainn 1.5˚C a chur leis an téamh domhanda ar chuid de na príomhchinntí a rinneadh ag COP28.

**Déan measúnú criticiúil ar an ról atá ag comhaontuithe idirnáisiúnta chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do smaointe ar a laghad teoiricí amháin atá ainmnithe ar do chúrsa.]

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an pháirt den cheist atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 25 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00